**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Okręgowy w Krakowie (an Pholainn) a taisceadh an 6 Meitheamh 2024 – PU, QS v mBank S.A., BL, CY**

**(Cás C-396/24, Lubreczlik)** ([1])

(C/2024/5301)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Krakowie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* PU, QS

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* mBank S.A., BL, CY

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) An gcuirtear cosc le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra ([2]) ar chásdlí náisiúnta ar dá réir, i gcás ina fhaightear téarma éagórach i gconradh, go háirithe i gcomhaontú creidmheasa arna thabhairt i gcrích le tomhaltóir, agus go neamhnítear an conradh, nó go háirithe an comhaontú creidmheasa, ina dhiaidh sin, a cheanglaítear ar an tomhaltóir méid iomlán ainmniúil an chreidmheasa arna fháil ag an trádálaí faoin gcomhaontú neamhnithe a aisíoc leis an tomhaltóir, gan beann ar an méid arna aisíoc ag an tomhaltóir faoin gcomhaontú sin agus gan beann ar an méid iarbhír gan aisíoc, bíodh is go bhfuil an trádálaí i dteideal a éileamh ar an tomhaltóir go n-aisíocfadh sé méid iomlán ainmniúil an chreidmheasa arna aisíoc leis an tomhaltóir faoin gconradh neamhnithe, gan beann ar an méid arna aisíoc ag an tomhaltóir faoin gcomhaontú sin agus gan beann ar an méid iarbhír gan aisíoc?

2) An gcuirtear cosc le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle ar chásdlí ar dá réir a cheanglaítear ar chúirt náisiúnta, i gcás ina bhfuil caingean chun cúiteamh a ghnóthú i leith suimeanna arna n-íoc ag trádálaí le tomhaltóir faoi chomhaontú creidmheasa neamhnithe, gan beann ar cé acu an tomhaltóir a bheith nó gan bheith i bhfiacha ag an trádálaí agus gan beann ar mhéid na suimeanna arna n-íoc ag an tomhaltóir leis an trádálaí faoin gcomhaontú creidhmheasa neamhnithe?

3) An gcuirtear cosc le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a cheanglaítear ar chúirt náisiúnta, i gcás ina ndeonaíonn sí éileamh an tomhaltóra i gcás arna thabhairt ag an trádálaí, a ordú as a tionscnamh féin go bhfuil feidhm láithreach ag an mbreithiúnas lena ndeonaítear an t-éileamh?

---

([1]) Úsáidtear ainm bréige sa chás seo nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

([2]) IO 1993 L 95, lch.29.